



# **Tuarascáil Bhliantúil**

## **2008**

**An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte  
(An Dlí Coiriúil)**

**MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD**

---

Ar fáil ó shuíomh gréasáin an Bhoird [www.mhclrb.ie](http://www.mhclrb.ie) nó ar a iarraidh ó

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)  
Seomra G4/G5 Urlár na Sráide  
1A Sráid na Mórchanála Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
Teileafón: (01) 669 6810 nó (01) 669 6811

## **CLÁR AN ÁBHAIR**

## **Leathanach**

<b>1</b>	<b>Réamhrá an Chathaoirligh</b>	<b>3</b>
<b>2</b>	<b>Bunú an Bhoird Athbhreithnithe</b>	<b>6</b>
<b>3</b>	<b>Comhaltaí an Bhoird</b>	<b>6</b>
<b>4</b>	<b>Riarachán</b>	<b>7</b>
<b>5</b>	<b>Cumhachtaí an Bhoird</b>	<b>7</b>
<b>6</b>	<b>An Scéim um Chúnamm Dí Meabhair-Shláinte (An Dí Coiriúil)</b>	<b>8</b>
<b>7</b>	<b>Nós Imeachta an Bhoird</b>	<b>8</b>
<b>8</b>	<b>Athbhreithnithe de chuid an Bhoird</b>	<b>8</b>
<b>9</b>	<b>Orduithe Urscaoilte</b>	<b>9</b>
<b>10</b>	<b>Cruinnithe / Imeachtaí</b>	<b>10</b>
<b>11</b>	<b>Caiteachas an Bhoird</b>	<b>11</b>
<b>12</b>	<b>Seirbhísí Dí a chur ar fáil don Bhord</b>	<b>12</b>
<b>13</b>	<b>Láithreán Gréasáin</b>	<b>12</b>

## **AGUISÍNÍ**

<b>1</b>	<b>An Fheidhm atá leis an mBord Athbhreithnithe</b>	<b>13</b>
<b>2</b>	<b>Nós Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe</b>	<b>14</b>
<b>3</b>	<b>Staitisticí</b>	<b>18</b>

## **RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH**

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe um Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) ar an 27 Meán Fómhair 2006, faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 (an tAcht). Aistríodh leis an Acht an fhreagracht iomlán maidir le hurscaoileadh ón Stát go dtí an Bord.

Is é is príomhfheidhm ag an mBord faoin Acht athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionad sainithe. I láthair na huaire is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad atá sainithe ar an gcuma sin. I gcomhlíonadh na feidhme dó, ní foláir don Bhord ceann aird a bheith, inter alia, ar leas agus ar shábháilteacht an té a bhfuil a choinneáil á thabhairt faoi athbhreithniú agus ar leas an phobail. Nuair atá athbhreithniú déanta ag an mBord ar choinneáil othair, tá dlite air cibé ordú a mheastar a bheith iomchuí a dhéanamh cibé acu an ordú sin maidir le breis coinneála, cúram nó cóireáil in ionad sainithe nó leis an othar a scaoileadh amach gan choinníoll nó faoi choinníollacha i ndáil le cóireáil mar othar seachtrach nó faoi mhaoirseacht nó an dá rud é sin, nó i gcás othair a cuireadh isteach as príosún, leis an othar a chur ar ais i bpríosún.

Rinneadh 150 athbhreithniú ar fad ar othair a bheith faoi choinneáil, líon a bhí ag teacht leis an bhfreagracht a leagtar ar an mBord faoin dlí athbhreithniú a dhéanamh maidir le gach othar tráthanna nach faide ná 6 mhí.

Rinne an Bord ordú amháin maidir le scaoileadh amach gan choinníoll i rith na bliana. Ní dhearnadh ordú ar bith maidir le scaoileadh faoi choinníollacha mar gheall gurb é tuairim an Bhoird tar éis comhairle dlí a ghlacadh nach bhféadfaí aon choinníoll a leagfadh sé síos a chur i bhfeidhm, ainneoin go dtugtar de chumhacht dó ordú le coinníollacha a dhéanamh.

Tá an Bord i mbun comhfhreagrais go leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí d'fhonn go ndéanfaí leasú cuí maidir le halt 13 an Achta sa chaoi agus go bhforáilfí d'fhorfheidhmiúchán ar choinníollacha scaoilte, rud a chuirfeadh ar chumas an Bhoird scaoileadh

othar oiriúnach ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar amach i measc an phobail faoi choinníollacha sábháilteachta i ndáil leis an othar agus leis an bpobal a thabhairt faoi mheas.

Is ábhar buartha don Bhord go bhféadfadh síneadh le séanadh saoirse de bharr easpa cumas forfheidhmiúcháin a theacht i gceist nuair nach bhfuil de chumhacht ann othair a scaoileadh amach faoi choinníollacha is féidir a chur i bhfeidhm. Cé nach bhfuil an chuid is mó de na hothair atá faoi choinneáil san Ospidéal oiriúnach sa chaoi agus go mbeifí ag smaoineamh ar a scaoileadh amach, tá, agus bhí roimhe seo, roinnt othar ann a scaoilfeadh an Bord amach sa chás go bhféadfaí sin a dhéanamh faoi réir choinníollacha ab fhéidir a chur i bhfeidhm. Tá an Bord den tuairim go dtéann coinneáil na n-othar sin in aghaidh an rún a bhí ó thús le hAcht na bliana 2006 agus tá súil gur féidir reachtaíocht a rith go gairid d'fhonn an cás seo atá tagtha chun cinn go mí-ádhasach a chur ina cheart.

Le hionchas go ndéanfar an leasú is gá a rith, lean an Bord i gcomhar le Stiúrthóir Cliniciúil an Ospidéil, ag fiosrú faoin nós imeachta maidir le scaoileadh amach i ndlínsí eile agus bhí cruinniú fiúntach i ndáil leis an modh ina gcuireann New South Wales Mental Health Services chuige sin leis an mBreitheamh Greg James, Uachtarán an Mental Health Tribunal, NSW, le linn dó bheith ar cuairt i mBaile Átha Ciath i rith na bliana.

Tapaím an deis seo tréaslú leis an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalair faoin Stiúrthóir Cliniciúil, an tOllamh Harry Kennedy, a chuireann cóiríocht agus áiseanna ar fáil chomh maith leis an gcomhoibriú ar fad ó na Siciatraithe Fóirínseacha Comhairleacha, an fhoireann altrachta, na seirbhísí sóisialta agus lucht riaracháin an Ospidéil.

Molaim an obair a dhéanann na haturnaetha faoin Scéim um Chúnadh Díl i mbun ionadaíochta go hinniúil ar son na n-othar, roinnt mhór acu nach bhfuil ar a gcumas cur ar a son féin de bharr breoiteachta.

Admhaím díograis Pat Wylie Uasal, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ó cuireadh an Bord ar bun go dtí mí Bealtaine 2008 agus díograis Liam Fitzgerald Uasal, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, chomh maith le Paul Laycock Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Ann Casey Uasal, Ard-Oifigeach Cléireachais.

## **An Breitheamh Onórach Brian McCracken**

Samhain 2009

## **BUNÚ AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE**

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 ar an 27 Meán Fómhair 2006.

Tá an Bord neamhspleách de réir reachtaíochta faoin Acht. Is é a ról atá ag an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalair (an t-aon ionad sainithe faoin Acht i láthair na huaire) a cuireadh isteach ann de bhun cinneadh de chuid na gcúirteanna nach oiriúnach iad le cur ar a dtriail nó ar measadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de bharr gealtachta. Tá de fhreagracht ar an mBord chomh maith athbhreithniú a dhéanamh maidir le príosúnach, príosúnach míleata san áireamh, a choinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalair, atá ag fulaingt ó mhí-ord meabhrach agus a aistríodh ann as príosún agus duine den phearsanra míleata a cuireadh isteach ann mar gheall ar bhinsí a bhí ag feidhmiú faoi na hAchtanna Cosanta a bhaineann le hábhar.

I gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a leagtar air faoin Acht, ní foláir don Bhard aird a bheith, inter alia, ar leas agus ar shábháilteacht an té a bhfuil a choinneáil faoi athbhreithniú agus ar leas an phobail.

## **COMHALTAÍ AN BHOIRD**

Is é an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a cheapann comhaltaí ar an mBord Reachtuil neamhspleách. Is é an Breitheamh Onórach Brian McCracken, Breitheamh de Príomh-Chúirte ar scor, atá ina Chathaoirleach ar an mBord Reachtuil. Is iad Comhaltaí eile an Bhoird an Dr Michael Mulcahy, Siciatraí Comhairleach agus Tim Dalton Uasal, iar-Rúnaí Ginearálta na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

## **RIARACHÁN**

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin: Pat Wylie Uasal (go dtí Bealtaine 2008)  
Liam Fitzgerald Uasal (ó Bhealtaine 2008 i  
leith)

Oifigeach Feidhmiúcháin: Paul Laycock Uasal

Ard-Oifigeach Cléireachais: Ann Casey Uasal

## **CUMHACHTAÍ AN BHOIRD**

Éilítear faoi Alt 12(1) an Achta go ndéanann an Bord:-

(a) suíonna a reáchtáil chun críche athbhreithniú a dhéanamh faoin Acht agus is féidir leis an mBord ag na suíonna glacadh le haighneachtaí agus le cibé fianaise is dóigh leis a bheith iomchuí;

(b) aird a thabhairt ar thaifead na cúirte (más ann dó) ar imeachtaí na cúirte ar lena cinneadh a bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú agus, nuair is ann do thaifead dá leithéid, cuirfidh an chúirt sin ar fáil don Bhord;

(c) Ionadaí dlí a chur ag feidhmiú don othar is ábhar don athbhreithniú sa chás nach bhfuil i gceist aige nó aici féin ionadaí a fhostú.

Leagtar amach mionsonraí ar chumhachtaí an Bhoird mar a fhoráiltear dóibh a thuilleadh in Alt 12 an Achta in Aguisín 2.

## **SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-GALAR (AN DLÍ COIRIÚIL)**

Tá scéim um chúnamh dlí d'othair curtha ar bun ag an mBord le toiliú an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Aire Airgeadais. An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006 is teideal don Scéim. Tá téarmaí agus coinníollacha na Scéime ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird ag [www.mhclrb.ie](http://www.mhclrb.ie) nó tá siad le fáil ó Oifig an Bhoird (féach na sonraí ar clúdach na Tuarascála Bliantúla seo) ach a n-iarraidh. Bhí 28 atur nae ar fad ceangailte leis an bpainéal dlí a oibríonn faoin Scéim i rith na bliana 2008.

## **NÓS IMEACHTA AN BHOIRD**

Foráiltear faoi Alt 12 (6) an Achta gur de réir mar a chinnfidh an Bord le comhthoiliú an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a bheidh nós imeachta an Bhoird maidir le hathbhreithniú a dhéanamh faoin Acht, faoi réir ag forálacha an Achta. Tugtar Nós Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), mar atá ceadaithe ag an Aire, in Aguisín 3 leis an tuarascáil.

## **ATHBHREITHNITHE DE CHUID AN BHOIRD**

Bíonn isteach agus amach le 80 othar faoi choinneáil tráth ar bith sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Bíonn an líon sin faoi athrú mar gheall, mar shampla, go n-aistrítear othair nua as príosún d'fhonn cóireáil orthu agus othair a chur ar ais i bpríosún tar éis cúram dóibh agus cóireála orthu.



Éilítear ar an mBord faoin Acht athbhreithniú a dhéanamh mar gheall ar choinneáil othair tráthanna rialta, nach faide ná sé mhí, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

Rinneadh 150 beart athbhreithniúcháin i rith na bliana, an dara athbhreithniú agus athbhreithnithe eile ina dhiaidh sin mar gheall ar an othar amháin san áireamh. Leagtar amach sna táblaí in Aguisín 3 (Staitisticí) líon na n-éisteachtaí in aghaidh na míosa agus briseadh síos ar éisteachtaí arbh iad an chéad éisteacht, an dara héisteacht, an tríú éisteacht agus an ceathrú éisteacht iad.

I Seomra Boird an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar a dhéantar athbhreithniú.

Is féidir éileamh ar Athbhreithniú i gcás othair, taobh amuigh den athbhreithniú dhéantar go rialta de réir sceidil, a thionscnamh

- ar ordú an Bhoird
- ar iarratas ón othar
- ar iarratas ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- ar iarratas ón Stiúrthóir Cliniciúil.

## **ORDUITHE MAIDIR LE SCAOILEADH AMACH**

Is ar an mBord amháin, de réir an Achta, atá leagtha de fhreagracht ag an Oireachtas a dheimhniú arbh oiriúnach duine a scaoileadh amach ar ordaigh an chúirt faoi alt 4 an Achta (nach oiriúnach a chur faoina thriail) nó alt 5 (neamhchiontach de bharr gealtachta) é a chur faoi choinneáil maidir le cúram agus cóireáil, sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Shláinte.

Tá de chumhacht ag an mBord duine a scaoileadh amach gan choinníoll nó faoi choinníollacha áirithe. Tá deacracht leis an dara cumhacht sin ós é tuairim an Bhoird nach bhfuil aon chumhacht ann coinníollacha a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús i rith na bliana sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le leasú cuí ar an Acht ionas go mbeadh coinníollacha ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm a dhréachtadh.

Rinne an Bord ordú amháin maidir le hothar a scaoileadh amach gan choinníoll go dtí áis chóiríochta dhídeanach.

Cé nach mbeadh sé oiriúnach i gcás an chuid is mó de na daoine a bhí faoi choinneáil san Ospidéal i rith na bliana 2008 iad a mheas lena scaoileadh amach faoi choinníollacha, bhí roinnt othar a tháinig faoi bhráid an Bhoird a scaoilfeadh an Bord amach iad dá bhféadfaí sin a dhéanamh faoi réir ag coinníollacha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

## **CRUINNITHE / IMEACHTAÍ**

Bhí cruinnithe ag an mBord i rith na bliana leis an Ollamh Harry Kennedy, Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar, agus le roinnt dá chuid comhghleacaithe. Bhí cruinnithe in aghaidh na ráithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin le Stiúrthóir na mBinsí Meabhair-Shláinte ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Bhí cruinniú ag an bPríomhfheidhmeannach freisin le hionadaithe de chuid Ghrúpa Cúramóirí an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Shláinte.

Bhí cruinniú ag an mBord leis an mBreitheamh Onórach Greg James, Uachtarán an New South Wales Mental Health Review Tribunal, Sydney, An Astráil, tráth a raibh seisean ar cuairt go Baile Átha Cliath chun páirt a ghlacadh san International Society for the Reform of Criminal Law Conference on Codification of the Criminal Law: Modern Initiatives idir an 11 agus an 15 Iúil. Bhí Cathaoirleach an Bhoird, an Breitheamh Onórach Brian McCracken, sa chathaoir ag Seisiún Ceardlainne de chuid na Comhdhála maidir le 'Mí-Ord Meabhrach'.

## **CAITEACHAS AN BHOIRD (2008)**

Caiteachas de €692,000 in iomláine a rinneadh agus b'ionann an ghné de sin nár bhain le pá agus €324,000.

## **SEIRBHÍSÍ DLÍ A CHUR AR FÁIL DON BHORD**

Tá neamhspleáchas ag baint leis an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) faoin reachtaíocht agus ní féidir dá bharr sin leas a bhaint as seirbhísí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Chuir WhitneyMoore Solicitors seirbhísí dlí ar fáil de réir mar a bhí gá leo i rith na bliana 2008.

## **LÁITHREÁN GRÉASÁIN**

Tá suíomh idirlín faoi leith ag an mBord – [www.mhclrb.ie](http://www.mhclrb.ie)

## AGUISÍN 1

### **Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) (The Mental Health (Criminal Law) Review Board) le hordú an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an 27 Meán Fómhair 2006 de réir Alt 11 (1) an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 (dá ngairtear "An tAcht" ina dhiaidh seo). Tá neamhspleáchas ag an mBord Athbhreithnithe i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna faoin Acht agus leagtar an fhreagracht air maidir le hathbhreithniú a dhéanamh i ndáil le hothair a choinneáil i ionad sainithe (an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i láthair na huaire) a cuireadh isteach ann de bhun cinneadh de chuid na gcúirteanna nach oiriúnach iad le cur ar a dtrial nó ar measadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de bharr gealtachta. Déanfaidh an Bord chomh maith athbhreithniú maidir le príosúnach a choinneáil, príosúnach míleata atá ag fulaingt ó mhí-ord meabhrach san áireamh, a aistríodh mar gheall ar bhinsí a bhí ag feidhmiú faoi na hAchtanna Cosanta a bhaineann le hábhar go dtí ionad sannaithe. Éilítear le hAlt 12 (1) (c) an Achta go gceapann an Bord ionadaí dlí i leith an othair is ábhar don athbhreithniú mura bhfuil i gceist ag an othar ionadaí a fhostú ar a chostas féin.

## AGUISÍN 2

### NÓS IMEACHTA AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE UM MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

#### 1. Réamhrá

Ar an 25ú Meán Fómhair, 2006 rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Ordú faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a dtugtar an tAcht air i mo dhiaidh anseo, lenar ceapadh an 27 Meán Fómhair 2006 mar lá bunaithe an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil). Tá an Bord Athbheithnithe neamhspleách agus é ag gabháil dá fheidhmeanna faoin Acht agus tá dlite air aird a thabhairt ar leas agus ar shábháilteacht an duine a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh maidir lena choinneáil agus ar leas an phobail. Tá feidhm le forálacha Sceideal 1 den Acht maidir leis an mBord Athbhreithnithe.

#### 2. Cumhachtaí an Bhoird Athbhreithnithe

2.1. Faoi mar a éilítear faoi Alt 12 (1) den Acht, déanfaidh an Bord –

- (a) suíonna a reáchtáil chun críche athbhreithniú de chuid an Bhoird a dhéanamh faoin Acht seo agus is féidir leis an mBord ag na suíonna glacadh le haighneachtaí agus le cibé fianaise is dóigh leis a bheith iomchuí
- (b) aird a thabhairt ar thaifead na cúirte (más ann dó) ar imeachtaí na cúirte ar lena cinneadh a bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú agus, nuair is ann do thaifead dá leithéid, cuirfidh an chúirt sin ar fáil don Bhord
- (c) ionadaí dlí a chur ag feidhmiú don othar is ábhar don athbhreithniú sa chás nach bhfuil i gceist aige nó aici féin ionadaí a fhostú

2.2. Tugtar de chumhacht don Bhord Athbhreithnithe faoi Alt 12 (2) den Acht chun críche a chuid feidhmeanna –

- (a) treoir i scríbhinn a thabhairt don siciatraí comhairleach atá freagrach as cúram nó cóireáil othair is ábhar don athbhreithniú atá faoi chaibidil, socrú go dtiocfaidh an t-othar i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe ar an dáta agus ag an am agus san áit a shonraítear sa treoir, fad is nach mbíonn ar othar teacht i láthair an Bhoird Athbhreithnithe sa chás gurb é tuairim an Bhoird Athbhreithnithe go mbainfeadh dochar dá s(h)láinte mheabhrach, dá leas nó dá staid mhothúchánach le freastal den sórt sin
- (b) treoir a thabhairt i scríbhinn d'aon duine a dteastaíonn fianaise uaidh

ón mBord Athbhreithnithe teacht i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe ar an dáta agus ag an am agus san áit a shonraítear sa treoir agus ansin fianaise a thabhairt nó aon doiciméad nó rud a shonraítear sa treoir atá ina s(h)eilbh nó faoina c(h)umhacht a chur ar fáil,

- (c) treoir a thabhairt d'aon duine a bhíonn i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe aon doiciméad nó rud a shonraítear sa treoir atá ina s(h)eilbh nó faoina c(h)umhacht a chur ar fáil
- (d) treoir a thabhairt i scríbhinn d'aon duine aon doiciméad nó rud a shonraítear sa treoir atá ina s(h)eilbh nó faoina c(h)umhacht a sheoladh go dtí an Bord Athbhreithnithe, agus
- (e) aon treoir eile chun críche na n-imeachtaí atá i gceist is dóigh leis an mBord Athbhreithnithe a bheith cóir agus réasúnach a thabhairt.

### **3. Costais a Íoc**

Tagann teideal íocaíocht mar gheall ar chostais faoi réir an Achta agus Nós Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil).

Íocfaidh an Bord costais na bhfinnéithe a dtreoraítear dóibh faoi alt 12 (2) (b) den Acht freastal os comhair an Bhoird Athbhreithnithe as airgead a bheidh ar fáil dó. Beidh na costais a bheidh le híoc ar aon dul leis na costais a bhíonn le híoc le finnéithe a fhaigheann toghairm freastal os comhair na hArd-Chúirte

### **4. Ionadaíocht Dlí**

Tagann seo faoi réir an Achta agus Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime Cúnamh Dlí maidir le Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil).

Ceapfaidh an Bord Athbhreithnithe ionadaí dlí le hionadaíocht a dhéanamh ar son an othair mura mbíonn i gceist ag an othar ionadaí a fhostú. Cuirfidh an Bord Athbhreithnithe scéim i bhfeithm lena ndéantar foráil do chúnamh dlí a chur ar fáil de réir mar a leagtar síos in Alt 12 (6) (a) an Achta. “An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)” a bheidh mar theideal ar an scéim agus an “Painéal Ionadaithe Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)” a thabharfar ar an bpainéal ionadaithe dlí a roghnaítear chun an obair seo a dhéanamh. Cuirfear cóip den Scéim agus den Phainéal Ionadaithe Dlí ar fáil don othar is ábhar don athbhreithniú a luaithe is féidir agus sin tráth nach moille ná 14 lá roimh an dáta a leagtar síos don athbhreithniú.

### **5. Fógraí do pháirtithe leasmhara agus nósanna imeachta maidir le suíonna an Bhoird Athbhreithnithe**

Tagann seo faoi réir an Achta agus Nós Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil).

- 5.1. Cuirfidh an Bord Athbhreithnithe an dáta, an t-am agus an áit maidir le suí áirithe an Bhoird Athbhreithnithe in iúl don siciatraí comhairleach atá freagrach as cúram nó cóireáil othar is ábhar don athbhreithniú agus don othar agus d'ionadaí dlí an othair ar a laghad 14 lá roimh an dáta a leagtar síos.
- 5.2. Tabharfaidh an Bord Athbhreithnithe cóip d'aon doiciméad a cuireadh ar fáil don Bhord don othar is ábhar don athbhreithniú agus d'ionadaí dlí an othair chomh maith le tuairisc i scríbhinn ar nádúr agus foinse aon fhaisnéise a bhaineann leis an gceist a thugtar chun aire le linn an athbhreithnithe.
- 5.3. Beidh de cheart ag othar is ábhar don athbhreithniú atá faoi chaibidil (ach amháin sa chás gurb é tuairim an Bhoird Athbhreithnithe go mbainfeadh dochar dá s(h)láinte mheabhrach, dá leas nó dá staid mhothúchánach as freastal mar é a dhéanamh) agus ag ionadaí dlí an othair bheith i láthair ag suí áirithe an Bhoird Athbhreithnithe agus is féidir leis an othar cás a chur faoi bhráid an Bhoird go pearsanta nó trí ionadaíocht dlí.
- 5.4. Beidh de cheart ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ag Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus, nuair is cuí, ag an Aire Cosanta a bheith le clos ag gach suí de chuid an Bhoird Athbhreithnithe nó ionadaí dá gcuid a bheith i láthair aige. Chuige sin, eiseofar fógra mar gheall ar dháta, am agus áit suí an Bhoird Athbhreithnithe ar a laghad 14 lá roimh an dáta atá leagtha síos don Athbhreithniú áirithe.
- 5.5. Is féidir glacadh le ráitis i scríbhinn mar fhianaise ag an mBord Athbhreithnithe le cead an othair is ábhar don athbhreithniú nó le cead ionadaí dlí an othair.
- 5.6. Má bhíonn sé i gceist ag an othar is ábhar don athbhreithniú nó ag ionadaithe dlí de chuid an othair fianaise ó liachleachtóir a chur faoi bhráid ag éisteacht, cuirfear tuarascáil i scríbhinn ón liachleachtóir sin ar fáil don Bhord Athbhreithnithe ar a laghad 5 lá oibre roimh dháta na héisteachta.
- 5.7. Glacfar leis i gcás aon síniúchán a bhíonn ar dhoiciméad a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Athbhreithnithe, in éagmais fianaise ar a mhalairt, gurb é síniúchán an té sin é a n-airbheartaítear leis gurb é.
- 5.8. Cinnfidh an Bord Athbhreithnithe i ngach cás an dtabharfar fianaise, arna ghlaoch ag an mBord Athbhreithnithe nó ag an othar is ábhar don athbhreithniú, faoi bhrí na mionn nó faoi dhearbhú nó ar mhodh eile. Sa chás go socraítear gur faoi bhrí na mionn nó faoi dhearbhú a thabharfar an fhianaise, is é an Cathaoirleach a chuirfidh daoine faoi bhrí na mionn



nó faoi dhearbhú ar bhealach a thagann le cleachtas na gcúirteanna.

- 5.9. Is féidir finnétithe a ghlaonn an Bord Athbhreithnithe os a chomhair a chur faoi cheistniú ag an mBord Athbhreithnithe nó thar a cheann agus is féidir iad a chur faoi chroscheistniú ag an othar is ábhar don athbhreithniú nó thar a cheann.
- 5.10. Is féidir finnétithe a ghlaonn an an t-othar is ábhar don athbhreithniú os comhair an Bhoird Athbhreithnithe a chur faoi cheistniú ag an othar nó thar a cheann agus is féidir iad a chur faoi chroscheistniú ag an mBord Athbhreithnithe nó thar a cheann.
- 5.11. Déanfaidh an Bord Athbhreithnithe deimhin de go gcoimeádtar taifead cuí leordhóthaineach ar gach cuid de na himeachtaí a thagann os a chomhair. Chomh maith leis sin, is féidir leis an mBord Athbhreithnithe socrú a dhéanamh, agus déanfar é sa chás go n-iarrann an t-othar is ábhar don athbhreithniú nó ionadaithe dlí an othair é i scríbhinn ar a laghad 5 lá oibre roimh an éisteacht, go ndéanfar taifead iomlán de na himeachtaí go léir a chur síos i bhfoirm de réir mar a shocraíonn an Bord Athbhreithnithe agus go gcuirtear trascríbhinn d'imeachtaí dá sórt ar fáil don othar nó d'ionadaithe dlí an othair ach é a lorg.
- 5.12. Is go príobháideach a thionólfar suíonna an Bhoird Athbhreithnithe chun críche fiosrú dá chuid faoin Acht seo.
- 5.13. Tabharfar cinntí an Bhoird Athbhreithnithe agus na cúiseanna a bhíonn leo, nuair is féidir é go réasúnta, ar lá na héisteachta athbhreithnithe nó, murar féidir sin, tráth nach deireanaí ná 14 lá oibre ina dhiaidh. Cuirfear cinntí dá sórt in iúl don othar is ábhar don athbhreithniú, d'ionadaí dlí an othair, do Stiúrthóir an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, do Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi mar is cuí.
- 5.14. Sa chás go dtagann cás éigeandála i gceist le linn éisteachta athbhreithnithe, mar shampla i gcás go dtiocfadh breoiteacht ar othar nó go dtarlódh othar faoi anbhúain mothúchánach, déanfaidh an Bord Athbhreithnithe deimhin de go mbíonn na bearta cuí ar bun chun déileáil lena leithéid de chás.

## **6. Feidhmeanna Riaracháin a Tharmligean**

Is féidir leis an mBord Athbhreithnithe feidhmeanna riaracháin a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin de réir mar a mheastar ba chúí.

## AGUISÍN 3

### Staitisticí

TÁBLA (1) LÍON IOMLÁN NA N-ÉISTEACHTAÍ 2008 (AN DARA ÉISTEACHT AGUS ÉISTEACHTAÍ EILE SAN ÁIREAMH)	
Mí	Éisteachtaí
Eanáir 2008	13
Feabhra 2008	13
Márta 2008	11
Bealtaine 2008	19
Meitheamh 2008	25
Iúil 2008	13
Lúnasa 2008	1
Meán Fómhair 2008	9
Deireadh Fómhair 2008	8
Samhain 2008	20
Nollaig 2008	18
<b>Iomlán</b>	<b>150</b>

### Tábla (ii) Líon na nÉisteachtaí de réir Sraithe 2008

Líon na nÉisteachtaí maidir leis an gCéad Athbhreithniú:	19
Líon na nÉisteachtaí maidir leis an Dara Athbhreithniú:	18
Líon na nÉisteachtaí maidir leis an Tríú Athbhreithniú:	37
Líon na nÉisteachtaí maidir leis an Ceathrú Athbhreithniú:	48
Líon na nÉisteachtaí maidir leis an Cúigiú Athbhreithniú:	28
Líon na nÉisteachtaí maidir leis an Séú Athbhreithniú:	0
<hr/> Líon iomlán na nÉisteachtaí Athbhreithniúcháin:	150